# Cé mhéad seomra atá acu?

**Cloisfidh tú triúr ag caint faoin teach/árasán atá acu.**

**Cé mhéad seomra codlata atá i ngach teach/árasán?**

**Scríobh an uimhir sa bhosca.**

**Cad iad na seomraí eile a luaitear i ngach teach/árasán?**

**Cuir tic le gach ceann a chloiseann tú.**

| | seomraí codlata | seomra suite | seomra bia | seomra folctha | cistin | halla | leithreas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teach Uí Cheallaigh | | | | | | | |
| Teach Uí Shúilleabháin | | | | | | | |
| Teach Uí Dhónaill | | | | | | | |

# Cé mhéad seomra atá acu?
# Teach Phádraig (A)

**<u>Ceist 1</u>**

**Seo an méid an dúirt Padraig faoina theach.**

**Léigh na habairtí agus cuir san ord ceart iad.**

**Cuir na huimhreacha 1- 5 sa bhosca in aice leis an abairt chuí chun an t-ord ceart a léiriú.**

**Mar shampla: Is mise Pádraig Ó Súilleabháin – 1**

**Éist leis an mír arís. An bhfuil sé i gceart agat? Déan cibé athrú atá le déanamh.**

- Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh le mo bhean agus mo chlann. ☐
- Tá seomra folctha ann chomh maith. ☐
- Thíos staighre, tá an chistin, an seomra bia, an seomra suí, an halla agus leithreas. ☐
- I mo theachsa, tá ceithre sheomra codlata thuas staighre againn – seomra ag mo mhac Tomás, seomra ag m'iníon Áine agus seomra agam féin agus Ciara agus seomra do chuairteoirí. ☐
- Is mise Pádraig Ó Súilleabháin. ☐

**Ceist 2**

- Tá na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar mhír Phádraig.
- Freagair na ceisteanna.
- Cum do cheist féin ansin, le cur ar do pháirtnéir.
- Cuir na ceisteanna ar fad ar do pháirtnéir.
- Má thugann do pháirtnéir an freagra ceart, abair: *Ceart, maith tú.*
- Mura dtugann sé an freagra ceart abair: *Mícheart, éist arís* agus cuir an cheist arís air.

a. An bhfuil Pádraig ina chónaí i gCiarraí?

b. An bhfuil cúig sheomra codlata ina theach?

c. An bhfuil Padraig ina chónaí i mbungaló?

d. An bhfuil Pádraig pósta?

e. An bhfuil seomra Phádraig thíos staighre?

f. An bhfuil ocht seomra ar fad i dteach Phádraig?

g. ________________________________________?